Coimisiún na Meán

# Clár Oibre 2025

# Clár Ábhair

| | |
|---|---|
| Réamhrá | 1 |
| Torthaí Straitéiseacha agus Tionscadail Tosaíochta | 3 |
| Uirlisí Seachadta agus Áisitheoirí | 16 |

# Réamhrá

Tá áthas orainn ár gClár Oibre 2025 a chur i láthair. Ó bunaíodh muid i mí an Mhárta 2023, tá fás suntasach tagtha ar ár n-eagraíocht agus tá an-chuid oibre déanta aici ar fud fhorbairt na meán, rialáil craolacháin agus rialáil ar éileamh, agus sábháilteacht ar líne. Tá beagán níos mó ná 200 ball foirne againn anois agus táimid ag súil le fás breise le linn 2025. Le linn na tréimhse fáis shuntasaigh seo, thógamar am go comhfhiosach freisin mar chomhghleacaithe agus mar eagraíocht chun machnamh a dhéanamh ar ár Misean, ár bhFís agus ár Luachanna. Tá siad seo mar bhonn agus mar thaca ag ár gcuid oibre go léir agus tá siad leagtha amach sa Straitéis Trí Bliana a ghabhann leis an gClár Oibre seo.

Tá an Clár Oibre seo bunaithe ar ár sé Thoradh Straitéiseacha. I gcás gach Toradh, tá liosta déanta againn de na tionscadail tosaíochta a chuideoidh linn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an Toradh sin a bhaint amach. Is píosaí oibre scoite tábhachtacha iad na tionscadail tosaíochta seo agus bíonn foirne trasfheidhmiúla i gceist leis an gcuid is mó díobh. Tá sé i gceist againn tús a chur leis an obair ar na tionscadail seo i mbliana nó dul chun cinn a dhéanamh ina leith, cé go bhfuil a fhios againn go n-athróidh cuid acu ina dtionscadail ilbhliantúla. Chomh maith leis na tionscadail tosaíochta seo, leanfaimid lenár gcorp mór oibre gnó mar is gnách (BAU). I bhfianaise chineál dinimiciúil thírdhreach na meán agus ár struchtúr inmheánach agus ár gcur chuige maidir le hobair thionscadail, cuireann go leor de na tionscadail leis an iliomad Torthaí Straitéiseacha, mar a dhéanann cuid mhór dár gcuid oibre BAU. Tá gach tionscadal liostaithe uair amháin faoi Thoradh Straitéiseach amháin, ach tá sé léirithe againn sa tábla ina dtacóidh sé freisin le Torthaí eile a sheachadadh.

Tá athrú fadtéarmach ar an leibhéal sochaíoch i gceist leis na Torthaí atá roghnaithe againn. Comhlánaítear iad le sraith uirlisí seachadta agus áisitheoirí a chuirfidh ar ár gcumas dul chun cinn fóinteach a dhéanamh i dtreo na dTorthaí. Tá na huirlisí seachadta agus na háisitheoirí sin, agus na gníomhartha tosaíochta a dhéanfaimid fúthu, leagtha amach sa Chlár Oibre seo freisin.





# Torthaí Straitéiseacha agus Tionscadail Tosaíochta

## 1. Cultúr na hÉireann agus na meáin: Tírdhreach meán atá inbhuanaithe, iolraíoch agus rannpháirteach, agus a léiríonn agus a mhúnlaíonn cé muid féin mar shochaí

Tugann foirne Thírdhreach na Meán laistigh de Choimisiún na Meán faoi réimse gníomhaíochtaí tábhachtacha gnó mar is gnách atá dírithe ar earnáil na meán in Éirinn a fhorbairt, amhail na Scéimeanna Fuaime agus Físe a sheachadadh, agus an earnáil a rialáil, lena n-áirítear trínár gcuid oibre ceadúnúcháin, monatóireachta comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin. Díreofar go príomha in 2025 ar a chinntiú go mbreithneoimid gearáin maidir le craoltóireacht agus físeán ar éileamh i gcomhréir le hamlínte reachtúla.

Leanfaimid ar aghaidh le roinnt tionscadail thábhachtacha, lena n-áirítear Caighdeáin phíolótacha Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (GEDI) a fhorbairt do scéimeanna maoinithe sonraithe agus monatóireacht Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (EDI), indéantacht stáisiún raidió Gaeilge atá dírithe ar an óige a chur san áireamh, áireamhán inbhuanaitheachta albert a sheachadadh agus taighde a dhéanamh ar na meáin phobail, agus iad go léir ailínithe lenár Straitéis nua.

Trí bhabhtaí maoinithe Fuaime & Físe, leanfaimid orainn ag tacú le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht ábhair fuaime agus closamhairc nua atá suntasach ó thaobh cultúir de do lucht féachana/éisteachta na hÉireann, lena n-áirítear i nGaeilge, lena chraoladh ar fud seirbhísí craolacháin náisiúnta, réigiúnacha, áitiúla agus pobail.  Leanfaimid orainn freisin ag tacú le cruthaitheacht agus inbhuanaitheacht níos mó laistigh de na hearnálacha craolacháin agus léiriúcháin neamhspleách agus á gcothú agus ag cur go gníomhach le hinscne, comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, ag cinntiú go ndéantar ionadaíocht ar ghuthanna ó chúlraí éagsúla, lena n-áirítear mná agus grúpaí mionlaigh, agus go dtacaítear leo laistigh den tionscal.

Tabharfaimid faoi chomhairliúchán poiblí nuair a bheidh an chéad leagan eile de Fuaim & Fís agus aon tionscnaimh nua maoinithe á bhforbairt againn.  Beimid i dteagmháil go gníomhach leis an Aire agus leis an Roinn, agus le Fís Éireann, maidir le haon ghníomhartha a thiocfaidh as an Tuarascáil ar an Tobhach ar Shaothair Eorpacha a chur isteach.

Déanfaimid athbhreithniú nua cúig bliana agus súil chun cinn trí bliana do na Craoltóirí Seirbhíse Poiblí (RTÉ agus TG4) mar chuid den timthriall reatha, in éineacht le hathbhreithnithe bliantúla ar fheidhmíocht agus ar mhaoiniú poiblí, agus oibreoimid freisin i dtreo an tsamhail mhaoinithe inbhuanaithe nua a chur i bhfeidhm ar aon dul leis na dréacht-cheannteidil a foilsíodh le déanaí den Bhille Craolacháin (Leasú). Oibreoimid leis an Roinn ar reachtaíocht nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán a thrasuí. Leanfaimid freisin de mholtaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán (FOMC) a chur chun feidhme de réir mar a bhaineann siad lenár gcuid oibre.

# Torthaí Straitéiseacha agus Tionscadail Tosaíochta (ar lean)

Ina theannta sin, cuirfimid tús leis na tionscadail tosaíochta seo a leanas in 2025, nó déanfaimid dul chun cinn suntasach orthu, chun tacú lenár dTorthaí Straitéiseacha a bhaint amach:

| | 1. Cultúr na hÉireann agus na meáin - Ár dTorthaí Straitéiseacha | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail tosaíochta** | **Cultúr na hÉireann agus na meáin** | **Leanaí** | **Daonlathas** | **Muinín** | **Éagsúlacht agus cuimsiú** | **Sábháilteacht phoiblí** |
| Forbróimid plean gníomhaíochta meántéarmach chun ár dTorthaí Straitéiseacha do Chultúr na hÉireann & na Meáin a bhaint amach. | ● | ● | ● | | ● | |
| Forbróimid Creat nua Meán Seirbhíse Poiblí (lena n-áireofar ár ról maoirseachta nua). | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Déanfaimid athbhreithniú ar ár mBeartas maidir le hIolrachas sna Meáin, agus forbairtí earnála agus na meáin ar líne á gcur san áireamh againn | ● | | ● | | ● | |
| Ullmhóimid Straitéis nua um Sheirbhísí Craolacháin, ina gcuirfear claochlú earnála san áireamh | ● | ● | ● | ● | ● | |
| Déanfaimid na nithe seo a leanas a fhorbairt, a athbhreithniú agus a fheabhsú go leanúnach: Scéimeanna Maoinithe Fuaime & Físe agus na mBeart Coimhdeach (lena n-áirítear Fuaim & Fís a Cúig a fhorbairt) agus an Scéim Maoinithe Iriseoireachta (lena n-áirítear tuairisciú Daonlathais Áitiúil agus Cúirte). | ● | ● | ● | ● | ● | |
| Faoi réir cheadú an Aire, forbróimid:<br>an Scéim Maoinithe don Chlaochlú Digiteach agus<br>na Scéimeanna Maoinithe don Tuairisciú Nuachta & do Chúrsaí Reatha. | ● | | ● | ● | | |
| Déanfaimid dul chun cinn ar ár n-athbhreithniú ar Sheirbhísí agus Ábhar Gaeilge ar fud na meán. | ● | ● | | | ● | |
| Leanfaimid orainn ag athbhreithniú agus ag athshonrú Cóid agus Rialacha Meán do Chraoltóireacht agus Físeán ar éileamh. | ● | | ● | ● | ● | |
| Déanfaimid Creat Comhlíontachta láidir a dhearadh agus Clár Oibre Cur Chun Feidhme a fhorbairt do Chraoltóireacht & Físeán ar éileamh, lena n-áirítear riachtanais nua inrochtaineachta. | ● | ● | | ● | ● | |

## 2. Leanaí: Tírdhreach meán a sheasann le cearta, folláine agus forbairt leanaí agus lena rannpháirtíocht shábháilte le hábhar

Tá cur chun cinn cearta agus leas leanaí agus daoine óga i gcroílár réimse leathan oibre ag Coimisiún na Meán. Bíonn leanaí gníomhach mar chruthaitheoirí agus mar thomhaltóirí araon i dtírdhreach na meán, agus tá sé an-tábhachtach go gcloítear lena gcearta sa tírdhreach seo. Cinnteoidh ár gcuid oibre a bhaineann le craoltóireacht go mbainfidh leanaí mar lucht féachana/éisteachta tairbhe as na buntáistí, lena n-áirítear na buntáistí sóisialta agus cultúrtha, a bhaineann lena rannpháirtíocht le hábhar. Leanfaidh ár gClár Foghlama & Forbartha Earnála agus ár Scéim Urraíochta ar aghaidh ag cur deiseanna ar fáil do dhaoine óga chun obair i dtionscal na meán a fhiosrú.

Trínár gcur chun feidhme agus ár maoirseacht ar an gCreat Sábháilteachta ar Líne, cinnteoimid go gcomhlíonfaidh ardáin a n-oibleagáidí maidir le leanaí a choinneáil sábháilte ar líne. Tiocfaidh tuilleadh cosanta do leanaí faoin gCód Sábháilteachta ar Líne i bhfeidhm i mí Iúil, lena n-áirítear srian a chur le hábhar díobhálach amhail cibearbhulaíocht, féindochar nó féinmharú a chur chun cinn agus neamhoird itheacháin nó beathaithe a chur chun cinn, dúshláin chontúirteacha agus forálacha mionsonraithe maidir le dearbhú aoise agus rialuithe tuismitheoirí. Leanfaimid lenár rannpháirtíocht i gcuid d'imscrúduithe oscailte an Choimisiúin Eorpaigh faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) atá ag féachaint ar shaincheisteanna a bhaineann le leanaí. Tá Coimisiún na Meán mar leaschathaoirleach ar ghrúpa oibre a fhorbraíonn treoirlínte maidir le leanaí a chosaint faoin DSA.

Leanfaimid orainn ag forbairt agus ag plé lenár gCoiste Comhairleach Óige, ag cinntiú go dtuigimid agus go dtugaimid aird chuí ar leasanna leanaí agus daoine óga inár gcuid oibre go léir. Leanfaidh ár n-obair litearthachta sna meáin le rannpháirtíocht, oideachas agus cumhacht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga ionas gur féidir leo rochtain a fháil ar ábhar meán agus é a thuiscint ar fud raon seirbhísí. Leanfaidh ár nIonad Teagmhála le comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga chomh maith lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, nuair is gá. Leanfaimid freisin de bheith i dteagmháil leis an Ionad Feasachta um Idirlíon níos Sábháilte, leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus leis an Roinn Sláinte maidir le hábhair a bhaineann le leanaí agus le daoine óga.

Chomh maith leis an obair leanúnach seo, cuirfimid tús leis na tionscadail tosaíochta seo a leanas in 2025 chun tacú le seachadadh ár dTorthaí Straitéiseacha:

| | 2. Leanaí - Ár dTorthaí Straitéiseacha | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail tosaíochta** | **Cultúr na hÉireann agus na meáin** | **Leanaí** | **Daonlathas** | **Muinín** | **Éagsúlacht agus cuimsiú** | **Sábháilteacht phoiblí** |
| Déanfaimid plean gníomhaíochta meántéarmach a fhorbairt chun na Torthaí inmhianaithe i leith Leanaí a bhaint amach. | ● | ● | ● | | ● | |
| Déanfaimid clár a reáchtáil ar bhonn píolótach chun tacaíocht a chur ar fáil do leanaí atá i ngarbhaol díobhála ó ábhar ar líne, mar bheart réamhtheachtach chun breithniú a dhéanamh ar shásra gearán aonair níos leithne. | | ● | | ● | ● | ● |
| Cuirfimid Suirbhé Pháistí an AE ar Líne ar fáil. | ● | ● | ● | | ● | |
| Forbróimid ábhair oideachais a bhaineann le Sábháilteacht ar Líne do scoileanna. | | ● | | ● | ● | ● |
| Oibreoimid i gcomhar leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le réimse ábhar, lena n-áirítear ábhair a bhaineann le leanaí. | | ● | | | | |

# Torthaí Straitéiseacha agus Tionscadail Tosaíochta (ar lean)

## 3. Daonlathas: Tírdhreach meán a thacaíonn leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha, atá mar bhonn agus mar thaca ag an dioscúrsa sibhialta, agus a laghdaíonn tionchar na bréagaisnéise

Is iomaí gné éagsúil a bhaineann lenár gcuid oibre chun tacú leis an daonlathas, mar ba léir ónár gcuid oibre le linn na nOlltoghchán, na dtoghchán Áitiúil agus na dtoghchán Eorpach in 2024. Leanfaimid orainn ag díriú ar thoghcháin agus ar shláine faisnéise in 2025 trí chuid dár dtionscadail tosaíochta a fhorbairt.

Tar éis na n-athruithe ar an moratóir craolacháin do chlúdach toghcháin, déanfaimid athbhreithniú ar thionchar ár gcur chuige nua agus ar an Tréimhse Toghcháin Chriticiúil. Leanfaimid orainn ag cur lenár gcaidreamh leis an gCoimisiún Toghcháin chun a chinntiú go ndéanann ár gcuid oibre athtreisiú don dá thaobh agus go n-úsáidimid ár gcumhachtaí rialála faoi seach ar an mbealach is éifeachtaí chun torthaí maithe a sholáthar do shaoránaigh.

Oibreoimid leis an rialtas agus le páirtithe leasmhara eile chun bailchríoch a chur ar an Straitéis Náisiúnta Frith-Bhréagaisnéise agus chun í a chur chun feidhme. Táimid ag súil go mbeidh tionchar ag cur chun feidhme an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán ar ár gcuid oibre faoin Toradh seo freisin.

Trínár gcuid oibre ar an gcraoltóireacht agus ar litearthacht sna meáin, cuirfimid luach na hiriseoireachta neamhspleáiche ar ardchaighdeán chun cinn, agus tacóidh ár scéimeanna iriseoireachta le léiriú nuachta ábhartha ar ardchaighdeán do lucht féachana/éisteachta na hÉireann. Déanfaimid athbhreithniú ar iolrachas na meán agus déanfaimid ár mbeartas a nuashonrú chun tacú le tírdhreach iolraíoch meán. Trínár gceadúnú craolacháin agus físeáin ar éileamh, trínár gclárú agus trínár láimhseáil gearán, seasfaimid le cothroime, cruinneas agus neamhchlaontacht.

Beidh sé mar aidhm ag ár gcuid oibre freisin a chinntiú nach ndídhreasófar daoine ó dhul isteach sa saol polaitiúil nó leanúint ar aghaidh sa saol polaitiúil trí mhí-úsáid a ndéantar orthu ar líne. Tá sé beartaithe againn torthaí an taighde a rinneamar ar thaithí na n-iarrthóirí ar mhí-úsáid ar líne le linn thoghcháin na bliana seo caite a roinnt. Leanfaimid orainn ag glacadh páirte sa ghrúpa forfheidhmithe a bunaíodh tar éis thuarascáil an Tascfhórsa ar Rannpháirtíocht Shábháilte sa Saol Polaitiúil.

Chomh maith leis an gclár oibre seo, tá sé beartaithe againn tús a chur leis an obair ar na tionscadail tosaíochta seo a leanas a bhaineann leis an Toradh seo nó leanúint den obair sin:

| | 3. Daonlathas - Ár dTorthaí Straitéiseacha | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail tosaíochta** | **Cultúr na hÉireann agus na meáin** | **Leanaí** | **Daonlathas** | **Muinín** | **Éagsúlacht agus cuimsiú** | **Sábháilteacht phoiblí** |
| Forbróimid plean gníomhaíochta meántéarmach chun ár dTorthaí Straitéiseacha don Daonlathas a bhaint amach. | ● | ● | ● | | ● | ● |
| Déanfaimid Straitéis Ionracais Toghcháin a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar fud na bhfoinsí meán go léir. | | | ● | ● | | ● |
| Déanfaimid taighde ar phróisis toghcháin agus daonlathais. | | | ● | ● | ● | ● |
| Déanfaimid creat a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thugann aghaidh ar shláine faisnéise ar fud na bhfoinsí meán go léir. | ● | ● | ● | | ● | ● |
| Déanfaimid ullmhúchán do thoghchán uachtaránachta na hÉireann, lena n-áirítear taighde agus forbairt leanúnach acmhainní agus uirlisí oiriúnacha. | | | ● | ● | | |

# Torthaí Straitéiseacha agus Tionscadail Tosaíochta (ar lean)

## 4. Muinín: Tírdhreach meán ar féidir le tomhaltóirí muinín a bheith acu as, agus ina bhfuil siad cosanta ar dhúshaothrú agus ar chalaois

Ionas gur féidir le daoine teicneolaíochtaí nua agus cineálacha nua seirbhísí a úsáid ar fud thírdhreach na meán, tá sé ríthábhachtach go mbeadh muinín acu astu, agus go mbeadh a fhios acu cad is féidir leo a dhéanamh má bhraitheann siad gur ligeadh síos iad, lena n-áirítear trí fhógraíocht bhréagach nó mhíthreorach. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh rochtain ag daoine ar fhoinsí nuachta agus faisnéise iontaofa ar ardchaighdeán. Beidh ár gcuid oibre taighde le Reuters mar bhonn eolais dár dtuairimí trí dhearcaí a thagarmharcáil i leith nuachta agus cúrsaí reatha sna meáin ar fud grúpaí daonra éagsúla.

I réimse na sábháilteachta ar líne, tá sraith leathan oibre clár againn a thacaíonn le muinín daoine sa saol ar líne, lena n-áirítear obair leanúnach chun na seirbhísí a rialálaimid a chatagóiriú agus a chur in ord tosaíochta, agus é sin a léiriú sa timthriall maoirseachta. Déanfaimid forbairt ar ár gCreat um Freagairt ar Theagmhais, lena n-áirítear freagairtí saincheaptha a shainiú do theagmhais a bhfuil déine éagsúil ag baint leo. Leanfar lenár n-athbhreithnithe téamacha ar chomhlíonadh freisin. Cinntíonn an obair seo gur féidir le daoine a gcearta a fheidhmiú faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne. Leanfaimid orainn ag glacadh le hiarratais ó eagraíochtaí cáilitheacha ar stádas mar Chomharthóir Iontaofa agus mar Chomhlacht um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt agus ag breithniú na n-iarratas sin.

Ina theannta sin, tosóimid nó leanfaimid ar aghaidh leis na tionscadail tosaíochta seo a leanas a bhaineann le Muinín:

| | 4. Muinín - Ár dTorthaí Straitéiseacha | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail tosaíochta** | **Cultúr na hÉireann agus na meáin** | **Leanaí** | **Daonlathas** | **Muinín** | **Éagsúlacht agus cuimsiú** | **Sábháilteacht phoiblí** |
| Forbróimid plean gníomhaíochta meántéarmach chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach maidir le Muinín. | | | | ● | | |
| Beimid rannpháirteach maidir le Cumarsáid Tráchtála agus Rialacháin AE maidir le Fógraíocht Pholaitiúil. | | | ● | ● | | |
| Déanfaimid clár a reáchtáil ar bhonn píolótach le haghaidh rannpháirtíocht struchtúrtha leis an tsochaí shibhialta maidir le saincheisteanna córasacha a bhaineann le sábháilteacht ar líne, lena n-áirítear comhlíonadh a n-oibleagáidí rialála ag ardáin (mar bheart réamhtheachtach do bhreithniú ar scéim comhlachtaí ainmnithe). | | ● | ● | ● | ● | ● |
| Éascóimid rannpháirtíocht na hÉireann i dtaighde na Tuarascála ar an Nuacht Dhigiteach a rinne Institiúid Reuters in Ollscoil Oxford. | ● | | ● | ● | ● | |

## 5. Éagsúlacht agus cuimsiú: Tírdhreach meán a chuireann luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe chun cinn

Nuair a théann daoine ar líne nó nuair a bhíonn siad ag tiúnadh isteach i gcraoltóir, tá sé tábhachtach go bhfeiceann siad agus go gcloiseann siad iad féin agus a sochaí á léiriú sna meáin. In 2025, tógfaimid ar ár Straitéis Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (GEDI) d'earnáil na meán fuaime agus closamhairc, lena n-áirítear trí chaighdeáin phíolótacha GEDI a fhorbairt le haghaidh scéimeanna maoinithe sonraithe agus trínár bhFóram GEDI a fhorbairt. Déanfaimid dul chun cinn ar ár monatóireacht comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe ar na Meáin Seirbhíse Poiblí & ar Sholáthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí.

Leanfaimid orainn ag obair ar thograí chun an comhoibriú uile-oileáin a uasmhéadú idir na Meáin Seirbhíse Poiblí agus Soláthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí.

Leanfar lenár gclár Foghlama agus Forbartha Earnála agus lenár scéim Urraíochta, lena gcuirfear deiseanna ar fáil chun borradh a chur faoin gcomhionannas, faoin éagsúlacht agus faoin gcuimsiú ar fud thírdhreach na meán.  Leanfaidh ár scéim mhaoinithe Fuaim & Fís ag cothú agus ag tacú go gníomhach le héagsúlacht foinsí agus guthanna, ó thaobh ábhair, cláir a dhéanamh agus cruthaitheachta.

| | 5. Éagsúlacht agus cuimsiú - Ár dTorthaí Straitéiseacha | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail tosaíochta** | **Cultúr na hÉireann agus na meáin** | **Leanaí** | **Daonlathas** | **Muinín** | **Éagsúlacht agus cuimsiú** | **Sábháilteacht phoiblí** |
| Forbróimid plean gníomhaíochta meántéarmach chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach maidir le hÉagsúlacht & cuimsiú. | ● | ● | ● | | ● | |
| Cuirfimid leis an tuiscint atá againn ar an bhfuath ar líne trí thaighde a dhéanamh agus trí dhul i dteagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, an lucht acadúil agus rialtóirí eile. | | | | ● | ● | ● |
| Forbróimid agus foilseoimid treoir maidir le fuathchaint mídhleathach ar líne a shainaithint agus a thuairisciú. | | | | ● | ● | ● |
| Déanfaimid ábhair oideachais a bhaineann le fuath ar líne a fhorbairt agus a rolladh amach. | | | | ● | ● | ● |

## 6. Sábháilteacht phoiblí: Tírdhreach meán a neartaíonn sláinte phoiblí agus sábháilteacht phoiblí

Tá ról tábhachtach ag tírdhreach na meán maidir le dearcthaí sochaíocha a mhúnlú agus a léiriú. Cé go bhfuil sé tábhachtach seasamh leis an gceart bunúsach chun tuairimí a nochtadh, d'fhéadfadh cineálacha áirithe ábhair mhídhleathaigh díobháil thromchúiseach a dhéanamh don tsláinte phoiblí nó don tsábháilteacht phoiblí nó an bonn a bhaint díobh.

Trínár ngníomhaíocht mhaoirseachta leanúnach ar ardáin agus trí cheadúnú craolacháin agus láimhseáil gearán, féachfaimid le neamhchosaint daoine ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne a íoslaghdú, chomh maith le cineálacha eile ábhair mhídhleathaigh a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den tsláinte phoiblí nó den tsábháilteacht phoiblí. Faoin Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne, leanfaimid de sholáthraithe seirbhísí óstála (HSPanna) a ainmniú i gcás inar gá, agus déanfaimid maoirseacht ar chur chun feidhme na mbeart cuí ag HSPanna ainmnithe. Cuirfidh ár gCreat um Freagairt ar Theagmhais ar ár gcumas freisin imeachtaí a chatagóiriú agus freagairt dóibh go cuí, ag obair le páirtithe leasmhara eile de réir mar is gá.

Leanfaimid orainn ag obair i gcomhar leis an nGarda Síochána, agus le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile chun oibriú i dtreo freagairt uile-shochaí ar rioscaí don tsláinte phoiblí agus don tsábháilteacht phoiblí. Leanfaimid de bheith i dteagmháil leis an Roinn Sláinte agus le FSS, lena n-áirítear maidir le hábhair a bhaineann le fógraíocht cógas, alcóil agus bianna a bhfuil go leor saille, salainn agus siúcra iontu (HFSS).

Chomh maith leis an obair seo, tosóimid nó leanfaimid ar aghaidh leis an tionscadal tosaíochta seo a leanas i mbliana:

| | 6. Sábháilteacht phoiblí - Ár dTorthaí Straitéiseacha | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail tosaíochta** | **Cultúr na hÉireann agus na meáin** | **Leanaí** | **Daonlathas** | **Muinín** | **Éagsúlacht agus cuimsiú** | **Sábháilteacht phoiblí** |
| Forbróimid plean gníomhaíochta meántéarmach chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach maidir le Sábháilteacht phoiblí agus sláinte phoiblí. | | | ● | | | ● |

# Uirlisí Seachadta agus Áisitheoirí

Chun tacú lenár bhfís a bhaint amach, bainimid úsáid as sé uirlis seachadta. Is tacaíochtaí trasearnálacha iad na huirlisí seachadta seo a chuidíonn linn gach ceann dár sé Thoradh a sheachadadh agus oibriú ar fud ár rannán agus ár réimsí oibre téamacha go léir. Is mar a leanas atá na huirlisí sin:

- Eintitis rialáilte a thabhairt chun cuntais
- Ról ceannasach a imirt sa chreat rialála Eorpach
- An pobal a chumhachtú agus ag tacú leo
- Ag tacú le hearnáil na meán in Éirinn agus í a fhorbairt
- Comhar agus comhoibriú le haghaidh tionchair
- Taighde agus béim amach anseo

Díreofar go háirithe in 2025 ar ár n-áit a ghlacadh ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí rialála Eorpacha agus domhanda in earnáil na meán digiteach agus in earnáil na meán. Cuirfimid lenár gcomhar idirnáisiúnta chun leanúint lenár ról ceannasach comhoibritheach i gcur chun feidhme agus i bhforbairt an chreata rialála Eorpaigh lena n-áirítear trí phoist cheannaireachta sna líonraí uile a bhfuilimid inár gcomhaltaí díobh, go háirithe an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha, an Bord Eorpach um Sheirbhísí Meán agus an Líonra Domhanda Rialtóirí Sábháilteachta ar Líne.

Déanfaimid ár gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta a dhoimhniú freisin, lena n-áirítear comhaontuithe comhoibrithe straitéiseacha a chur chun cinn le príomhpháirtithe leasmhara amhail an Coimisiún Toghcháin agus An Garda Síochána. Oibreoimid i gcomhar le rialtóirí eile, lena n-áirítear an Coimisiún um Chosaint Sonraí, lena n-áirítear ag obair chun feasacht a ardú maidir lenár róil faoi seach agus cá háit ar cheart do dhaoine dul chun tacaíocht a fháil. Leanfaimid orainn ag obair i ndlúthchomhar le baill eile an Ghrúpa Rialtóirí Digiteacha.

Déanfaidh ár bhfoireann Taighde raon tionscadal taighde a fhorbairt agus a sheachadadh freisin chun tacú lenár dtionscadail tosaíochta agus le hobair BAU ar fud ár rannán, mar chuid dár dtiomantas a bheith mar rialtóir comhréireach atá bunaithe ar fhianaise. Leanfaidh an fhoireann dá cuid oibre freisin maidir le rochtain taighdeoirí grinnfhiosraithe ar shonraí faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

| Tionscadail tosaíochta | Cultúr na hÉireann agus na meáin | Leanaí | Daonlathas | Muinín | Éagsúlacht agus cuimsiú | Sábháilteacht phoiblí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Leanfaimid ar aghaidh lenár gCreat Comhlíontachta a fhorbairt sna réimsí seo a leanas:<br>• Maoirseacht<br>• Oibríochtaí Rialála<br>• Imscrúduithe<br>• Gearáin | ● | ● | ● | ● | ● | ● |

## Uirlisí Seachadta agus Áisitheoirí (ar lean)

### Áisitheoirí seachadta

Úsáidimid cúig áisitheoir seachadta freisin chun a chinntiú gur féidir linn ár gcuid oibre a chur i gcrích. Cinntíonn na háisitheoirí sin go bhfuil eagraíocht lúfar, éifeachtach agus dea-bhainistithe againn a bhaineann úsáid eacnamaíoch agus éifeachtúil as acmhainní agus a chloíonn le hardchaighdeáin rialachais chorparáidigh. Cuimsíonn na háisitheoirí sin na codanna den eagraíocht a oibríonn chun an tallann agus an teicneolaíocht cheart a bheith i bhfeidhm acu chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo ár dTorthaí, agus a chinntiú go ndéanaimid tionchar ár gcuid oibre a uasmhéadú trína chur in iúl go héifeachtach do lucht féachana/éisteachta éagsúil. Cuireann siad ar ár gcumas ár dtiomantas ardchaighdeáin rialachais a léiriú trí chinnteoireacht thrédhearcach, córais láidre, cuntasacht agus comhlíonadh na gceanglas reachtach ábhartha.

Is mar a leanas atá na cúig áisitheoir:

- Ceannaireacht agus rialachas
- Daoine agus eagraíocht
- Próisis, córais agus sonraí
- Cumarsáid
- Inbhuanaitheacht

Tá na háisitheoirí seachadta seo ríthábhachtach chun tacú le foireann Choimisiún na Meán ár straitéis agus an Clár Oibre seo a chur i gcrích. Tá obair ár Rannáin Seirbhísí Corparáideacha, Cumarsáide agus Tacaíochta Úsáideoirí agus TFC agus Sonraí mar bhonn agus mar thaca acu. Cuid mhaith den obair seo is ea an ghníomhaíocht BAU chun a chinntiú go dtacaímid lenár bhfoireann chumasach agus éagsúil agus go ndéanaimid í a fhorbairt, go gcinntímid ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh agus sonraí agus go n-oibrímid go héifeachtach lenár lucht féachana/éisteactha éagsúil. Ina theannta sin, déanfaimid dul chun cinn ar na tionscadail tosaíochta seo a leanas do 2025:

| Tionscadail tosaíochta | Cultúr na hÉireann agus na meáin | Leanaí | Daonlathas | Muinín | Éagsúlacht agus cuimsiú | Sábháilteacht phoiblí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cuirfimid bailchríoch ar ár gcéad Straitéis Daoine agus cuirfimid chun feidhme í. | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Ullmhóimid ár dTobhach 2026. | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Déanfaimid Córais Airgeadais nua a sholáthar agus a chur chun feidhme. | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Déánfaimid ullmhúchán do chur chun feidhme na bhfreagrachtaí rialála breise a thagann as an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán. | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Déanfaimid forbairt ar ár Straitéis Chumarsáide. | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Cuirfimid comhairle phraiticiúil ar fáil d'úsáideoirí a dhéanann teagmháil linn. | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Cuirfimid feachtas feasachta ginearálta ar fáil maidir leis an gCreat Sábháilteachta ar Líne. | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Déanfaimid forbairt ar ár Straitéis Sonraí. | ● | ● | ● | ● | ● | ● |

# Déan Teagmháil Linn

**Coimisiún na Meán**
**1 Áras Shíol Bhroinn,**
**Bóthar Shíol Bhroinn,**
**Baile Átha Cliath 4,**
**D04 NP20,**
**Éire.**
**Ríomhphost**: info@cnam.ie
**Suíomh gréasáin**: www.cnam.ie